CINNEADH (CBES) 2022/2445 ÓN gCOMHAIRLE

an 12 Nollaig 2022

lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 42(4) agus Airteagal 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Iúil 2012, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2012/389/CBES ([1]) maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta Muirí Réigiúnaí i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR).

(2) An 12 Nollaig 2016, trí Chinneadh (CBES) 2016/2240 ([2]), leasaigh an Chomhairle sainordú an Mhisin le go ndíreofaí leis ar fhothú acmhainneachta sa tSomáil agus d'athraigh sí ainm an Mhisin go EUCAP Somalia.

(3) An 10 Nollaig 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/2031 ([3]) lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES chun síneadh síneadh a chur le EUCAP Somalia go dtí an 31 Nollaig 2022.

(4) I gcomhthéacs an Athbhreithnithe Straitéisigh Iomlánaigh agus Chomhordaithe ar rannpháirtíocht CBSC sa tSomáil agus i gCorn na hAfraice, chomhaontaigh an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart sainordú EUCAP Somalia a shíneadh go dtí an 31 Nollaig 2024.

(5) Ba cheart Cinneadh 2012/389/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 13(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

"Is é EUR 83 076 673,07 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais atá ceaptha an caiteachas a bhaineann le EUCAP Somalia a chumhdach don tréimhse ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2024."

(2) in Airteagal 15, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Údarófar don Ardionadaí faisnéis rúnaicmithe AE a ghintear chun críoch EUCAP Somalia suas go dtí an leibhéal aicmiúcháin ábhartha do gach ceann acu a scaoileadh chuig Gníomhaireachtaí Ceartais agus Gnóthaí Baile an Aontais, agus go háirithe chuig Frontex agus EUROPOL, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle (*). Dréachtófar socruithe teicniúla chun na críche sin.

([1]) Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 187, 17.7.2012, lch. 40).

([2]) Cinneadh (CBES) 2016/2240 ón gComhairle an 12 Nollaig 2016 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta Muirí Réigiúnacha i gCorn na hAfraice (EUCAP NESTOR) (IO L 337, 13.12.2016, lch. 18).

([3]) Cinneadh (CBES) 2020/2031 ón gComhairle an 10 Nollaig 2020 lena leasaítear Cinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean an Aontais Eorpaigh um Fhothú Acmhainneachta sa tSomáil (EUCAP Somalia) (IO L 419, 11.12.2020, lch. 26).

6. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 5, chomh maith leis an gcumas na socruithe dá dtagraítear i míreanna 2 go 5 a thabhairt i gcrích, a tharmligean chuig na daoine a chuirtear faoina údarás nó faoina húdarás, chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus/nó chuig an gCeann Misin.

_____

(*) Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála i dtaca le faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).";

(3) in Airteagal 16, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte deireanaí:

"Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2024.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Nollaig 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES